CINNTÍ

CINNEADH (AE, Euratom) 2022/521 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA, ÓN GCOMHAIRLE AGUS ÓN GCOIMISIÚN

an 28 Márta 2022

comhaltaí Choiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) a cheapadh

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA, AN CHOMHAIRLE AGUS AN COIMISIÚN,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna leasú ([1]) maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle ([2]), agus go háirithe Airteagal 15(2) den Rialachán sin.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 go mbeidh Coiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) comhdhéanta de chúigear comhaltaí neamhspleácha a bhfuil taithí acu ar fheidhmeanna breithiúnacha sinsearacha nó imscrúdaitheacha nó ar fheidhmeanna inchomparáide a bhaineann le réimsí gníomhaíochta na hOifige. Ceapfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún iad de thoil a chéile. Áireofar freisin leis an gcinneadh lena gceaptar comhaltaí an Choiste Maoirseachta liosta ionadaithe de chomhaltaí a d'fhéadfaí cur in ionad chomhaltaí an Choiste Mhaoirseachta go ceann a bhfuil fágtha dá dtéarma oifige i gcás ina rachaidh duine amháin nó níos mó de na comhaltaí sin ar scor, i gcás ina bhfaighidh siad bás nó i gcás nach mbeidh ar a gcumas a ndualgas a chomhlíonadh feasta go brách.

(2) De réir Airteagal 15(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh.883/2013, 5 bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an Choiste Maoirseachta agus ní fhéadfar é a athnuachan. Athrófar triúr agus beirt gach re seach chun saineolas an Choiste Maoirseachta a chaomhnú.

(3) De réir Airteagal 15(6) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, i gcomhréir le rialacha infheidhme an Choimisiúin, gheobhaidh comhaltaí an Choiste Maoirseachta liúntas laethúil agus aisíocfar na costais a thabhaigh siad agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu leo.

(4) De réir Airteagal 15(7) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, ní iarrfaidh ná ní ghlacfaidh Comhaltaí an Choiste Maoirseachta treoracha ó aon rialtas ná ó aon institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht.

(5) De réir an tríú fomhír d'Airteagal 10(5) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, beidh comhaltaí an Choiste Maoirseachta faoi cheangal ag oibleagáid rúndachta gairmiúla i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna, agus leanfaidh siad de bheith faoi cheangal ag an oibleagáid sin tar éis dheireadh a sainordaithe.

(6) De réir Airteagal 1 de Chinneadh (AE, Euratom) 2016/1201 ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, an 13 Iúil 2016, lena gceaptar comhaltaí Choiste Maoirseachta OLAF, dualgais bheirt chomhaltaí den Choiste Maoirseachta, an tUasal Bean Grażyna Stronikowska agus an tUasal Rafael Muñoz López-Carmona, dar críoch an 12 Iúil 2021 agus dualgais triúr comhaltaí, tháinig le dualgais triúr comhaltaí, an tUasal Jan Mulder, an

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le comhoibriú le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (IO L 437, 28.12.2020, lch.49)

([2]) IO L 248, 18.9.2013, lch. 1.

tUasal Bean Maria Helena Pereira Loureiro Correia Fazenda agus an tUasal Bean Dobrinka Mihaylova ar an 22 Eanáir 2022. I gcomhréir le hAirteagal 15(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 833/2013, tá na comhaltaí sin fós in oifig tar éis dhul in éag a dtéarma oifige, go dtí go dtabharfar chun críche próiseas ceapacháin comhaltaí nua an Choiste Maoirseachta. Dá bhrí sin, ba cheart comhaltaí nua a cheapadh chun teacht in ionad an chúigear comhaltaí sin, agus an t-ionad malartach a leagtar síos in Airteagal 15(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 á urramú. Roghnaíodh an bheirt a thosaigh a sainordú láithreach agus an triúr a thosaigh ar an 23 Meán Fómhair 2022 le crannchur.

(7) Tar éis nós imeachta roghnúcháin, tá Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún sásta go gcomhlíonann na daoine atá le ceapadh mar chomhaltaí den Choiste Maoirseachta agus, chomh maith leis sin, na daoine a áirítear ar liosta ionadaithe na gcomhaltaí ionchasacha na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus taithí i bhfeidhmeanna sinsearacha breithiúnacha nó imscrúdaitheacha nó i bhfeidhmeanna inchomparáide a bhaineann le réimsí gníomhaíochta OLAF a leagtar síos in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE, Euratom) 883/2013. Cuirtear na daoine ar an liosta ionadithe i láthair in ord fiúntais,de réir mar a eascraíonn sé as an nós imeachta roghnúcháin.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

1. Ceaptar leis seo na daoine seo a leanas mar chomhaltaí de Choiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) ó lá theacht i bhfeidhm an chinnidh seo ar aghaidh, in ionad na gcomhaltaí ar tháinig deireadh lena sainordú i mí Iúil 2021:

— An tUasal Dusan STERLE,

— An tUasal Carsten ZATSCHLER, Uasal

2. Ceaptar leis seo na daoine seo a leanas mar chomhaltaí de Choiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) ón 23 Meán Fómhair 2022 ar aghaidh, in ionad na gcomhaltaí ar tháinig deireadh lena sainordú i mí Eanáir 2022:

— Bean Uasal Teresa ANJINHO,

— Bean Uasal Marita SALGRAVE,

— An tUasal Angelo Maria QUAGLINI.

3. Má éiríonn aon duine de na daoine thuas as an gCoiste Maoirseachta, má fhaigheann sé bás nó má thagann éagumas buan air, déanfar an duine céadluaite ar an liosta seo a leanas nár tháinig fós in ionad comhalta den Choiste Maoirseachta a chur ina ionad láithreach ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige:

— An tUasal Thierry CRETIN,

— An tUasal Ilias KONSTANTAKOPOULOS,

— Bean Uasal Maria STYLIANIDI

— An tUasal Andrei Atila Luca CHENDI,

— Bean Uasal DE WAEL,

— An tUasal Igors LUDBORŽS,

— Bean Uasal NAGY,

— An tUasal Joaquin SILGUERO ESTAGNAN.

Airteagal 2

Ní dhéileálfaidh Comhaltaí an Choiste Maoirseachta le hábhar ina bhfuil aon leas pearsanta acu, go díreach nó go hindíreach, a dhéanann dochar dá neamhspleáchas, agus, go háirithe, do leasanna teaghlaigh agus airgeadais.

Airteagal 3

Is é an Coimisiún a chinnfidh méid na haisíocaíochta i leith speansas a thabhófar le linn dualgais mar Chomhalta den Choiste Maoirseachta, méid na híocaíochta do gach lá a chaithfear ar na dualgais sin chomh maith leis an nós imeachta maidir le haisíocaíocht agus íocaíocht i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme atá aige.

Airteagal 4

Cuirfidh an Coimisiún na daoine thuas ar an eolas faoin gCinneadh seo, agus cuirfidh sé aon duine a thiocfaidh in ionad comhalta den Choiste Maoirseachta ar an eolas láithreach de bhun Airteagal 1(3).

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh i bhfeidhm an 28 Márta 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Márta 2022.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*	*Thar ceann an Choimisiúin*
An tUachtarán	*An tUachtarán*	*Coimisinéir*
Roberta METSOLA	Bruno LE MAIRE	Johannes HAHN